An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Commission for Aviation Regulation

# Oifigeach Ceadúnaithe sa Choimisiún um Rialáil Eitlíochta

| | |
|---|---|
| Ról | Oifigeach Ceadúnaithe |
| Ag tuairisciú don | Bhainisteoir Ceadúnaithe |
| Láthair | An 3ú hUrlár, Áras Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2. |
| Post | Conradh Cuspóra Shonraithe – fad dhá bhlian |

## CÚLRA

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in 2001 agus is comhlacht poiblí neamhspleách é atá faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus atá freagrach do Thithe an Oireachtais. Is é ról an Choimisiúin é cearta aerphaisinéirí a chosaint tríd an méid seo a leanas a sholáthar:

- Seirbhísí aerfoirt ardchaighdeáin atá éifeachtach agus dírithe ar an tsábháilteacht;
- Aerlínte sábháilte, a bhfuil a gcúrsaí airgeadais stuama, in Éirinn agus foireann seirbhíse ar an talamh ag na trí aerfort stáit;
- Gníomhairí taistil agus oibreoirí turais Éireannacha atá stuama i dtaobh airgeadais;
- Creat daingean chun cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú i ngach aerfort Éireannach; agus
- Creat rialála atá de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr.

Foireann ocht nduine dhéag atá ag an gCoimisiún faoi láthair. Tá tuilleadh faisnéise maidir le réimse iomlán róil agus feidhmeanna an Choimisiúin ar fáil ag www.aviationreg.ie.

## PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

Tá duine sárchumasach á lorg ag an gCoimisiún a bheidh mar bhall foirne againn san fhoireann ceadúnaithe. An té a éireoidh leis nó léi an post a fháil, beidh sé nó sí freagrach don Bhainisteoir Ceadúnaithe agus beidh sé nó sí gafa le ról ilchineálach ina mbeidh air nó uirthi cloí le sprioc-amanna dochta i dtimpeallacht fhuinniúil. Seo a leanas na gnáthghníomhaíochtaí a bheidh i gceist sa ról:

- Fiosruithe ón bpobal/lucht an tionscail a láimhseáil
- Iarratais ar cheadúnais a phróiseáil agus tuairisciú ar dhul chun cinn iarratas ón uair a bhfaightear iad go dtí go gcuirfear i gcrích iad, de réir na nósanna imeachta bainteacha
- Monatóireacht rialta a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na sealbhóirí reatha ceadúnais fós ag comhlíonadh na riachtanas ceadúnais, agus tuarascálacha monatóireachta a ullmhú i leith na gceadúnaithe uile
- Bunachar sonraí ríomhaire agus córais chomhdúcháin eile a choimeád lena chinntiú go mbeidh taifid suas chun dáta ar fáil i gcónaí
- Anailís airgeadais a dhéanamh ar shealbhóirí reatha ceadúnais agus ar iarratasóirí nua
- Comhfhreagras a dhréachtú
- Cuairteanna pleanáilte a thabhairt ar na ceadúnaithe ar fad
- Freastal ar chruinnithe agus comhdhálacha, agus a bheith freagrach as miontuairiscí a scríobh agus taifid a choimeád
- Obair go gníomhach i gcomhar le ceadúnaithe agus páirtithe leasmhara eile
- Taighde a chur i bhfeidhm de réir mar a ordaítear
- Tabhairt faoi na dualgais riaracháin bhainteacha uile
- Cabhrú le hullmhú ár Ráitis Bhliantúil agus a bheith páirteach san obair a bheidh le déanamh chun ár Spriocanna Straitéiseacha, arna leagan amach sa Phlean Straitéiseach, a chur i gcrích
- Dualgais eile a d'fhéadfaí a shonrú ó am go chéile

**<u>RIACHTANAIS</u>**

<u>Bunriachtanais</u>

- Scileanna cumarsáide agus scileanna idirphearsanta den chéad scoth a léiriú
- Fianaise ar scileanna láidre riaracháin i gcomhréir le taithí
- Scileanna TF den scoth – eolas ar Microsoft Word, Excel, Access, PowerPoint agus Outlook
- Scileanna den scoth i dtaobh pleanála, bainistíocht ama agus eagrúcháin agus a bheith in ann cloí le spriocdhátaí agus nósanna imeachta araon
- Ardchaighdeán maidir le scríobh, cur i láthair agus scileanna uimhriúla
- Sárscileanna anailíseacha
- Féinmhuinín, tionscnaíocht agus treallús, agus a bheith in ann obair mhaith a dhéanamh mar dhuine d'fhoireann
- Ardchaighdeán gairmiúlachta a léiriú i gcónaí
- Meon dearfach solúbtha, a bheith tiomanta agus fonn a bheith air nó uirthi scileanna/córais nua a fhoghlaim

Inmhianaithe

- Taithí roimhe seo ar reachtaíocht náisiúnta nó reachtaíocht an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme
- Buntáiste a bheadh ann cumas a bheith ag an duine maidir le ráitis airgeadais a thuiscint agus a léirmhíniú agus/nó eolas a bheith aige nó aici ar leabharchoimeád nó ar chuntasaíocht.
- Dea-scileanna taighde

**PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN**

Déanfar na hiarrthóirí a mheasúnú ar dtús ar bhonn an iarratais uathu agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí ar ghearrliosta iad i gcomhair réamhagallaimh. Féadfaidh an Coimisiún an dara babhta agallamh a chur ar bun freisin.

**RÁTA TUARASTAIL**

Tuarastal €29,609 agus é á mhéadú, faoi réir feidhmíocht shásúil ar bhonn measúnaithe, in incrimintí bliantúla go €49,960. Is é bun an scála an pointe iontrála agus féadfar an ráta luach saothair a athrú ó am go chéile ag teacht le beartas pá an Rialtais. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfadh pá agus coinníollacha éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é go bhfuil an té a cheapfar ag obair mar státseirbhíseach nó mar fhostaí sa tseirbhís phoiblí díreach sula gceapfar é nó í.

**TRÉIMHSE PHROMHAIDH**

Beidh tréimhse phromhaidh 6 mhí i gceist ón dáta ar a dtosófar i mbun an phoist agus beidh sí faoi réir feidhmíocht shásúil le linn na tréimhse sin.

**UAIREANTA OIBRE**

Beifear ag obair ar feadh 37 uair an chloig in aghaidh na seachtaine.

| | |
|---|---|
| Ó Luan go Déardaoin: | 09:00 go dtí 17:30 agus sos lóin 1 uair an chloig |
| Aoine: | 09:00 go dtí 17:00 agus sos lóin 1 uair an chloig |

**SAOIRE BHLIANTÚIL**

Tá saoire bhliantúil 23 lá ar fáil in aghaidh na bliana, gan laethanta saoire poiblí san áireamh. Méadófar an tsaoire go dtí 24 lá tar éis 5 bliana, go dtí 25 lá tar éis 10 mbliana, go dtí 26 lá tar éis 12 mbliana, agus go dtí 27 lá tar éis 14 mbliana .

**SCÉIM PINSIN**

Is gá go mbeidh an té a cheapfar ina b(h)all de Scéim Pinsin Aonair na Státseirbhíse (murab amhlaidh go raibh an t-iarratasóir ag gabháil do phost Seirbhíse Poiblí le 6 mhí anuas ina mbeidh feidhm ag scéim Aoisliúntais an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta). Níl an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ina bhall den Líonra um Aistriú Pinsean laistigh den tSeirbhís Phoiblí, agus dá bhrí sin ní féidir leis seirbhís inphinsin roimhe seo a chur san áireamh.

**SOCHAIR EILE**

- Teacht ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Taisteal saor ó cháin ar an mBus/Luas/Iarnród chun cabhrú le costais taistil go dtí an obair agus ón obair
- Teacht ar an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe

**LÁTHAIR**

Tá an Coimisiún suite ar an 3ú Urlár, Áras Alexandra, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, trasna an bhóthair ón gCeoláras Náisiúnta. Táimid gar don stad Luas ar Fhaiche Stiabhna; agus do roinnt bealaí de chuid Bhus Átha Cliath, lena n-áirítear 46a, 44, 145, agus 184, agus táimid i bhfoisceacht thart ar 15 nóiméad de Stáisiún an Phiarsaigh ar Rae an Iarthair. Ina theannta sin, tá stad bus Matthews chuig COBÁC suite dhá nóiméad de shiúl uainn ar Shráid Líosain Íochtarach.

**IARRATAS**

Caithfidh iarratas, lena n-áirítear CV cothrom le dáta agus litir spreagtha ina míneoidh tú cén fáth ar chóir tú a mheas i gcomhair an phoist seo, caithfear iad a sheoladh trí ríomhphost chuig info@aviationreg.ie nó tríd an bpost chuig an seoladh thuas, agus iad faighte tráth nach déanaí ná 3 i.n. Dé hAoine an 15ú lá mí feabhra 2019.